*Rang 3 / Bliain 5 (P5)*

**An Maith Leat Éadaí?**

Is breá liom faisean,
Gúnaí agus bróga,
Málaí agus cótaí,
Is sciortaí gleoite.

Cuireann sé an-áthas
Is gliondar ar mo chroí,
Dul ag siopadóireacht
I gcomhair éadaí.

Ní thuigim faisean
Caithfidh mé a rá.
Caithim an rud céanna
Gach uile lá.

Bríste, t-léine
Agus bróga donn',
Éadaí agus faisean
Is cuma liom!